Candidate Information Booklet

1441 Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin

Loch Garman

Comhairle Contae Loch Garman

Dáta Dúnta: 3i.n. ar an Déardaoin 30 Aibreán 2026

1441 Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin, Comhairle Contae Loch Garman

Tá poistphoiblí tiomanta do dheiseanna comhionannais agus cuireann muid fáilte roimh iarratais faoi na naoi bhforas san Acht um Chomhionannas Fostaíochta.

Reáchtálfaidh poistphoiblí an comórtas seo de réir na gcód cleachtais a d'ullmhaigh na Coimisinéirí um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP).

Foilsíonn an CCSP Cóid Chleachtais agus tá siad ar fáil ar www.cpsa-online.ie

Is éard atá i gceist le poistphoiblí ná an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, a bunaíodh faoi na hAchtanna um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004-2013.

Teagmháil le: Paddy Kearney
Ríomhphost: LGrecruitment@publicjobs.ie
URL: www.publicjobs.ie

Clár na nÁbhar

	Leathanach
Réamhrá	4
An Ról	5
Cáilíochtaí Riachtanacha	7
Iarratas ar Cháipéisí	
Príomh-Inniúlachtaí	12
Príomhchoinníollacha Seirbhíse	13
An Próiseas Roghnaithe	17
Dáta Dúnta	18
Imréiteach Slándála	21
Rúndacht	22
Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí	22
Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)	25

Réamhrá:

Contae i gCúige Laighean is ea Contae Loch Garman ina bhfuil daonra de 163,527 duine (Daonáireamh 2022). Léiríonn sin méadú de 13,805 nó 9.2% ón daonáireamh roimhe sin in 2016.

Tá Loch Garman lonnaithe in Oirdheisceart na hÉireann teorainn aige le ceithre chontae eile agus tá ceantar talún de 2,367 km2 ann; is é Loch Garman an 13ú contae is mó in Éirinn, agus an 9ú contae is mó ó thaobh daonra de . Tá imeallbhord fada i Loch Garman agus, de bharr go ndearnadh infheistíocht in dhá mhótarbhealach le déanaí, tá sé gar do na hionaid uirbeacha Baile Átha Cliath agus Port Láirge, atá 90 nóiméad agus 45 nóiméad ó Loch Garman faoi seach.

Tá Buiséad Ioncaim measta de €175m ag Comhairle Contae Loch Garman don bhliain 2026 agus tá €150m i gceist don chlár Infheistíochta Caipitil.

Tá Comhairle Contae Loch Garman ar cheann de na fostóirí is mó sa chontae agus tá thart ar 900 ball foirne i gceist, agus 450 ball foirne atá ar scor.

Cuireann Comhairle Contae Loch Garman réimse leathan agus cuimsitheach seirbhísí, a bhíonn á bhforbairt i gcónaí, ar fáil do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus do chuairteoirí sa Chontae.

Ag an leibhéal straitéiseach, oibríonn an Chomhairle trína nGrúpa um Beartas Chorparáideach ar a bhfuil Cathaoirleach na Comhairle agus Cathaoirligh ó na cúig Choiste um Beartas Straitéiseach de chuid an údaráis áitiúil, mar aon le hionadaí do na Ceantair Bhardasacha. Tá ról tábhachtach ag an bPríomhfheidhmeannach agus ag an bhFoireann Bhainistíochta maidir le tacaíocht agus comhairle a thabhairt don ghrúpa beartais seo.

Ó lá go lá, tá an Príomhfheidhmeannach agus cúigear Stiúrthóirí Seirbhíse freagrach as na seirbhísí seo a bhainistiú agus tá na róil seo a leanas acu:

- Forbairt Eacnamaíochta, Pleanáil agus Ceantar Bardasach Ghuaire/Chill Mhucraise
- Tithíocht, Pobal, Leabharlanna, na hEalaíona, Bainistíocht Éigeandálaí agus Ceantar Bardasach Inis Córthaidh
- Bóithre agus Iompar, an Comhshaol agus Athrú Aeráide, Seirbhísí Uisce, agus Ceantar Bardasach Ros Mhic Thriúin
- Airgeadas, TFC agus Ceantar Bardasach Ros Láir
- Forbairt Chaipitil, Acmhainní Daonna, Gnóthaí Corparáideacha, Sláinte agus Sábháilteacht agus Ceantar Buirge Loch Garman

An Ról:

Cuireann Comhairle Contae Loch Garman fáilte roimh iarratais ar phoist mar Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin.

Beidh na hiarrthóirí a n-éiríonn leo freagrach as baill foirne agus as clár oibre na stiúrthóireachtaí/ na rannóige agus na feidhme ina gcuirtear ag obair iad a bhainistiú go héifeachtach. Oibríonn bainisteoirí ag an leibhéal seo laistigh de theorainneacha a bhaineann leis an bpost de réir fhís agus spriocanna an Údaráis Áitiúil, de réir mar a leagtar amach sa Phlean Corparáideach, agus feidhmíonn an ról i stiúrthóireachtaí éagsúla. Tá sé fíorthábhachtach seirbhísí a sholáthar go héifeachtach agus luach ar airgead a bhaint amach.

Beidh an tInnealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin i gceannas ar fhoireann nó ar fhoirne agus tabharfaidh siad tacaíocht theicniúil agus bhainistíochta i ngach réimse seirbhíse de chuid an údaráis áitiúil agus beidh orthu a bheith i dteagmháil le gníomhaireachtaí seachtracha agus cúnamh a thabhairt i dtaca leis an bpróiseas daonlathach.

Beidh ar an Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin a bheith ag obair go dlúth leis an bhFoireann Bhainistíochta Shinsearach agus le Baill Thofa, leis an réimse iomlán seirbhísí a chur ar fáil, le cinntí beartais áitiúla a chur i bhfeidhm agus le spriocanna straitéiseacha corparáideacha a bhaint amach, de réir threoir bheartais ghinearálta na Comhairle tofa ag leibhéal na Comhairle agus ag leibhéal an Cheantair Bhardasaigh. Is féidir go mbeidh orthu ionadaíocht a dhéanamh don Innealtóir Sinsearach chomh maith.

Níl sé ar intinn gur liosta cuimsitheach atá sa chur síos seo ar an bpost de na dualgais ar fad a bheidh i gceist sa phost agus, mar sin, is féidir go mbeidh ar an duine sa phost dualgais chuí eile a thabharfar dóibh ó am go ham a chomhlíonadh agus cur le forbairt an phoist le linn dóibh a bheith sa phost. Is féidir go n-athrófar na dualgais agus freagrachtaí a bhaineann leis an bpost ó am go ham, gan cineál na ndualgas nó an leibhéal freagrachta atá i gceist a athrú. Is féidir go mbeidh ar an gceapaí, mar sin, dualgais eile atá oiriúnach don phost a chomhlíonadh, seachas na cinn a luadh thuas, agus glacadh le treoracha ó agus tuairisciú d'Oifigeach cuí nó oifigeach eile a ainmneoidh an Chomhairle Cathrach ó am go ham.

Beidh na dualgais seo a leanas san áireamh don Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin, ach ní liosta iomlán é seo:

- Treoir a thabhairt agus bainistíocht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gclár agus na dtionscadal cuí i ngach réimse seirbhíse. Oibriú go héifeachtach le comhghleacaithe le seirbhísí a chur ar fáil, mar bhall d'fhoireann ildisciplíneach, ag comhoibriú agus ag dul i dteagmháil le foirne eile san eagraíocht chun na spriocanna corparáideacha a bhaint amach.
- Maoirseacht a dhéanamh agus riarachán conartha a dhéanamh ar oibreacha tógála, oibríochtaí agus cothabhála.
- Comhoibriú agus teagmháil a dhéanamh, trí obair thras-disciplíneach, le soláthar ar son ár bpobail, a bheith nuálach i dtaca le todhchaí an rialtais áitiúil agus forbairt a dhéanamh ar na daoine san eagraíocht.

- Spriocanna, cuspóirí, tuairisciú agus príomhtháscairí feidhmíochta a leagan amach chun cúnamh a thabhairt i dtaca le pleananna corparáideacha, straitéisí agus pleananna seirbhíse bliantúla a fhorbairt.
- Páirt a ghlacadh sna dualgais a bhaineann le freagairt na heagraíochta ar an nGníomhú ar son na hAeráide a stiúradh, a chinntiú gur féidir acmhainní na heagraíochta a fheabhsú agus é sin a chur cun cinn, athruithe a éascú agus bearta a chur i bhfeidhm.
- Lucht saothair innealtóireachta/riaracháin agus ceisteanna a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch a bhainistiú, lena n-áirítear bainistíocht feidhmíochta de réir an dea-chleachtais fostaíochta agus de réir na reachtaíochta cuí.
- Buiséid a ullmhú agus a chinntiú go gcuirtear oibríochtaí i bhfeidhm taobh istigh den bhuiséad.
- A chinntiú go bhfuil na baill foirne oilte agus go n-oibríonn siad de réir na scileanna ábhartha.
- Cleachtais oibre shábháilte a chur chun cinn san údarás áitiúil i gcoitinne agus a chinntiú go mbíonn na hoibreacha ar fad a dhéantar sna réimsí as a bhfuil siad freagrach ag teacht le reachtaíocht agus rialacháin sláinte, sábháilteachta agus folláine agus cultúr ina bhfuil an tSláinte agus an tSabháilteacht chun tosaigh a chothú agus a fhorbairt san ionad oibre.
- A chinntiú go ndéantar oibríochtaí de réir na reachtaíochta agus na rialachán ábhartha maidir le soláthar, pleanáil srl.
- A chinntiú go dtugtar freagra éifeachtach agus éifeachtúil do gach páirtí leasmhar.
- Beartas na comhairle agus an plean corparáideadch a chur i bhfeidhm go gníomhach.
- A chinntiú go gcloítear le polasaithe corparáideacha (Sláinte agus Sábháilteacht, AD, Cosaint Sonraí, Cosaint Páistí srl.).
- Dea-rialachas a chinntiú agus feidhmiú ar son leas an phobail i gcónaí.
- Cloí le luachanna corparáideacha an Rialtais Áitiúil agus na Comhairle.
- Ionadaíocht a dhéanamh don Innealtóir Sinsearach de réir mar is gá.
- Dualgais ghaolmhara eile a chomhlíonadh de réir mar is gá ó am go ham.

RIACHTANAIS DON PHOST

Dhearbhaigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta na cáilíochtaí seo thíos don phost mar Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin:

Dea-cháil
Ní mór dea-cháil a bheith ar gach iarrthóir.

Sláinte
Ní mór don iarrthóir riocht sláinte a bheith orthu a léireodh go bhfuil cosúlacht réasúnta ann go soláthrófar seirbhís rialta agus éifeachtach.

Oideachas, Taithí srl.
Ní mór d'iarrthóir na nithe seo a leanas a bheith acu roimh an dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais chomhlíonta:

(a) (i) céim onóracha bhaitsiléara (leibhéal 8 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí) san Innealtóireacht atá creidiúnaithe ag leibhéal CEng nó ag leibhéal CEng le FL ag Innealtóirí Éireann*;

NÓ

(ii) gnáthchéim bhaitsiléara (leibhéal 7 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí) san Innealtóireacht **AGUS** céim mháistreachta (leibhéal 9 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí) san Innealtóireacht;

NÓ

(iii) céim mháistreachta (leibhéal 9 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí) san Innealtóireacht a fuair siad tar éis dóibh clár comhtháite 4 bliana, ar a laghad, ag leibhéal máistreachta a chomhlíonadh agus atá creidiúnaithe ag leibhéal CEng ag Innealtóirí Éireann nó ag leibhéal ar aon chéim leis seo ag foras idirnáisiúnta;

NÓ

(iv) Teideal gairmiúil cláraithe mar Innealtóir Cairte a bheith bainte amach acu, agus a bheith cláraithe ar Chlár na nInnealtóirí de chuid Innealtóirí Éireann nó de chuid aon institiúide gairmiúla i dtír eile a aithníonn Innealtóirí Éireann mar chlárú atá ar aon chéim leis sin.

(b) taithí shásúil seacht mbliana, ar a laghad, ar obair innealtóireachta;

(c) oiliúint agus taithí theicniúil ar ardchaighdeán;

(d) taithí riaracháin agus bhainistíochta ar ardchaighdeán a bheith acu;

(e) eolas sásúil a bheith acu ar eagraíochtaí seirbhíse poiblí nó an cumas an t-eolas sin a fháil go sciobtha.

***Critéir maidir le Cáilíochtaí d'Innealtóir Sinsearach agus níos airde a mheas:**
Chun a shocrú an bhfuil na cáilíochtaí atá ag iarrthóir ar aon chéim le céim ag Leibhéal 8 san Innealtóireacht, is féidir na critéir seo a leanas a chur san áireamh:

- Cén chaoi a bhfuil do chéim creidiúnaithe ag Innealtóirí Éireann nó ag foras creidiúnaithe idirnáisiúnta ar aon chéim leis? Glacfar le céimeanna atá creidiúnaithe

ag leibhéal CEng nó CEng le FL ag Innealtóirí Éireann mar Cháilíocht ag Leibhéal 8. Maidir le cáilíochtaí Idirnáisiúnta, cuirfear Creat NARIC agus Comhaontú Washington san áireamh, de réir mar is cuí.

- An bhfuil an chéim ag Leibhéal 8 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí? Sa chás gur bhain iarrthóirí a gcéim amach i ndlínsí eile, socrófar leibhéal na cáilíochta trí úsáid a bhaint as bunachar NARIC um Cháilíochtaí Iasachta in Éirinn.

- An bhfuil leibhéal agus méid na modúl Innealtóireachta sa chéim a mbeifí ag súil leis i gcéim ag Leibhéal 8 san Innealtóireacht? Ní mór go mbeadh 80%, ar a laghad, de na modúil dírithe ar an Innealtóireacht agus ní mór go mbeadh an mhatamaitic agus na príomhábhair eolaíochta mar bhonn faoin gcéim.

Beidh na Scileanna agus an Taithí seo a leanas ag an iarrthóir is oiriúnaí:

- Taithí ar fhoirne ildisciplíneacha agus tras-fheidhme a bhainistiú agus a stiúradh.

- A bheith in ann pearsanra agus próisis faoina gcúram a spreagadh, an obair is fearr a bhaint astu chomh maith le luach ar airgead.

- Taithí ar phunann tionscadal ilbhliantúil a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm in am agus laistigh den bhuiséad agus de na hamlínte cuí.

- Taithí ar chaidreamh stuama le fostaithe a choinneáil agus ar choimhlintí a réiteach.

- Cuntas teiste maidir le torthaí a sholáthar.

- Tuiscint ar sheirbhísí agus struchtúir na nÚdarás Áitiúil in Éirinn nó an cumas tuiscint a fháil orthu go sciobtha.

- An cumas oibriú go dlúth leis na páirtithe leasmhara lárnacha agus comhoibriú agus comhdhearcadh a lorg agus a bhaint amach le raon leathan eagraíochtaí agus grúpaí ionadaíochta.

- Taithí ar a bheith ag bualadh le páirtithe leasmhara go rialta, ar an eolas is déanaí a thabhairt dóibh, ar ábhair a chur i láthair agus ar thuairiscí a thabhairt, ar ghlacadh le haiseolas ó chustaiméirí agus ar a chinntiú go n-úsáidtear aon cheacht a fhoghlaimítear uaidh sin chun oibríochtaí na heagraíochta a fheabhsú.

- Taithí ar pháirt a ghlacadh sna próisis feidhmíochta agus phleanála straitéisí agus i gcur i bhfeidhm na gcuspóirí a aontaítear dóibh sin.

- Sárscileanna idirphearsanta, cumarsáide agus sárscileanna i dtaca le tionchar a imirt ar dhaoine eile.

- Taithí ar chúrsaí airgeadais agus ar bhuiséid a bhainistiú agus ar luach ar airgead a chinntiú.

- Scileanna láidre pleanála, oibríochta agus bainistíochta tionscadal.

- An cumas torthaí a sholáthar laistigh de theorainneacha ama socraithe maidir le héilimh a bhíonn i gcoimhlint lena chéile;

- Taithí ar eolas a sholáthar maidir leis an bpatrún éilimh agus gníomhaíochta agus

na scileanna chun sceideal/clár na hoibre a chur i gcrích.

- Sárscileanna i dtaca le tuarascálacha a scríobh agus scileanna maithe TFC.

- Dírithe ar an gcustaiméir agus ar fheabhsú seirbhíse, lena n-áirítear freagracht a ghlacadh agus fadhbanna a thagann chun cinn a réiteach.

- Eolas maith agus tuiscint ar dhualgais reachtúla faoi Reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta, a n-impleachtaí don eagraíocht agus don fhostaí agus a bhfeidhm san ionad oibre.

Ina theannta sin, ní mór d'iarrthóirí:

- An t-eolas agus an cumas a bheith acu chun dualgais an phoist atá i gceist a chomhlíonadh;
- A bheith oiriúnach ó thaobh dea-cháile de;
- A bheith oiriúnach don cheapachán ar gach slí;

Maidir le hiarrthóirí a n-éiríonn leo, ní cheapfar iad ach mar seo a leanas:

- Go n-aontaíonn siad dualgais an phoist a chomhlíonadh agus go nglacann siad leis na coinníollacha a bhaineann le, nó a d'fhéadfadh a bheith bainteach le dualgais an phoist a chomhlíonadh
- Go bhfuil siad iomlán inniúil, ar fáil le agus in ann na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

Ní mór do gach iarrthóir na critéir riachtanacha thuas a chomhlíonadh ar an dáta deireanach ar a nglacfar le foirmeacha iarratais comhlíonta.

IARRATAS AR CHÁIPÉISÍ

Dearbhaíonn an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta na cáilíochtaí do gach comórtas earcaíochta a reáchtálann an tAonad Earcaíochta do Réimse an Rialtais Áitiúil in poistphoiblí.

Agus iad ag cur isteach ar an gcomórtas seo, ní mór d'iarrthóirí cáipéisí a uaslódáil chun a léiriú go bhfuil siad incháilithe don ról.

Ní mór d'iarrthóirí cáipéisí a bhaineann leis an gcáipéis lena bhfuil siad ag éileamh go bhfuil siad incháilithe, de réir mar a leagtar amach sa rannán **"Riachtanais don Phost",** a uaslódáil lena bhfoirm iarratais trí www.publicjobs.ie.

Tá tuilleadh eolais faoin gcaoi ar féidir **Iarratas a Chur Isteach** ar fáil sa rannán **"AN PRÓISEAS ROGHNAITHE".**

Tá tuilleadh eolais thíos faoi na riachtanais i dtaca le cáilitheacht a shocrú faoi gach réimse:

(i) céim onóracha bhaitsiléara (leibhéal 8 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí) san

Innealtóireacht atá creidiúnaithe ag leibhéal CEng nó ag leibhéal CEng le FL ag Iarrthóirí Éireann*;

Riachtanas: Ní mór d'iarrthóirí cóip dá dteasta(i)s agus dá dtras-scríbhinn(í) do gach modúl a rinne siad ina gcéim onóracha bhaitsiléara (leibhéal 8 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí) san Innealtóireacht atá creidiúnaithe ag leibhéal CEng nó CEng FL ag Innealtóirí Éireann* a uaslódáil

(ii) gnáthchéim bhaitsiléara (leibhéal 7 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí) san Innealtóireacht **AGUS** céim mháistreachta (leibhéal 9 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí) san Innealtóireacht;

Riachtanas: Ní mór d'iarrthóirí cóip dá dteasta(i)s agus dá dtras-scríbhinn(í) do gach modúl a rinne siad ina ngnáthchéim bhaitsiléara (leibhéal 7 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí) san Innealtóireacht AGUS óna gcéim mháistreachta (leibhéal 9 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí) san Innealtóireacht a uaslódáil

(iii) céim mháistreachta (leibhéal 9 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí) san Innealtóireacht a fuair siad tar éis dóibh clár comhtháite ag leibhéal máistreachta a mhair 4 bliana, ar a laghad, a chomhlíonadh, atá creidiúnaithe ag leibhéal CENg ag Innealtóirí Éireann nó ag leibhéal ar aon chéim leis seo ag foras idirnáisiúnta;

Riachtanas: Ní mór d'iarrthóirí cóip dá dteasta(i)s agus dá dtras-scríbhinn(í) do gach modúl a rinne siad ina gcéim mháistreachta (leibhéal 9 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí) san Innealtóireacht a uaslódáil.

(iv) teideal gairmiúil, cláraithe mar Innealtóir Cairte a bheith bainte amach acu, agus a bheith cláraithe ar Chlár na nInnealtóirí de chuid Innealtóirí Éireann nó de chuid aon institiúide gairmiúla i dtír eile a aithníonn Innealtóirí Éireann mar chlárú atá ar aon chéim leis sin;

Riachtanas: Ní mór d'iarrthóirí cóip dá mballraíocht in Innealtóirí Éireann, nó i bhforas gairmiúil i dtír eile atá aitheanta ag Innealtóirí Éireann mar fhoras ar aon chéim leis, a uaslódáil, mar aon lena sonraí cláraithe.
Chun seo a dhéanamh, faoin teideal "Ceangaltáin Iarratais" ar an bhfoirm iarratais, is féidir le hiarrthóirí cliceáil ar an gcnaipe dar teideal "Roghnaigh Comhad" agus an cháipéis a uaslódáil.

Maidir le Cáilíochtaí nach cáilíochtaí Éireannacha iad, ní mór socrú ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) a chur isteach ina léirítear comparáid idir na cáilíochtaí iasachta sin agus Creat Náisiúnta na gCáilíochtaí. Ní mór cáipéis aistriúcháin a chur isteach le cáilíochtaí iasachta chomh maith.

Is faoin iarrthóir atá sé a chinntiú go ndéantar na cáipéisí cuí a uaslódáil lena bhfoirm iarratais.

Má tá aon cheist agat maidir leis na cáipéisí ar chóir duit a uaslódáil le d'fhoirm iarratais, seol ríomhphost chuig LGrecruitment@publicjobs.ie roimh an dáta/am dúnta.

Ní féidir le hiarrthóirí cóip de na cáipéisí cuí a sheoladh chuig an mbosca isteach don Rialtas Áitiúil.

Glacfar leis nach bhfuil iarrthóirí nach gcuireann na cáipéisí riachtanacha isteach roimh an dáta/am dúnta nó nach seolann ríomhphost chuig LGrecruitment@publicjobs.ie incháilithe.

Ní gá d'iarrthóirí ach na cáipéisí a léiríonn go bhfuil siad incháilithe don chomórtas a uaslódáil. Ná déan aon cháipéisí sa bhreis a uaslódáil, m.sh. CVanna, toisc nach ndéanfar measúnú orthu.

PRÍOMH-INNIÚLACHTAÍ

Forbraíodh modh inniúlachta nua don phost mar Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin.

Bainistíocht Straitéiseach agus Athruithe	**Cumas Straitéiseach** Léiríonn an duine an cumas smaoineamh agus gníomhú go straitéiseach. Is féidir leo pleananna oibríochta agus torthaí a dhéanamh de straitéisí. An cumas cumas agus feidhmíocht a mheas maidir le spriocanna. Léiríonn an duine ceannaireacht agus cruthaitheacht chun torthaí rathúla straitéiseacha a bhaint amach. **Eolas ar Chúrsaí Polaitíochta** Tuigeann an duine réadúlacht agus comhthéacs polaitiúil na heagraíochta. **Líonrú agus Ionadaíocht** Forbraíonn agus coinníonn an duine dea-chaidreamh le páirtithe leasmhara éagsúla. Forbraíonn an duine teagmhálaithe teicniúla agus gairmiúla. Cothaíonn agus coinníonn an duine íomhá chuí, dhearfach agus aontaithe don eagraíocht atá i gceist. **Athruithe a Dhéanamh** Léiríonn an duine solúbthacht agus oscailteacht maidir le hathruithe. Forbraíonn agus cuireann an duine tús le cláir bhainistíochta athraithe chun spriocanna a bhaint amach. Imríonn an duine tionchar ar dhaoine eile agus tá siad dírithe ar athruithe.
Torthaí a Sholáthar	**Fadhbanna a Réiteach agus Cinntí a Dhéanamh** Is féidir leis an duine díriú ar eolas tábhachtach agus díriú ar cheisteanna go loighciúil. Tuigeann an duine comhthéacs agus impleachtaí na gcinntí a dhéantar. Déanann an duine cinntí éifeachtacha in am, bunaithe ar eolas. **Pleanáil Oibríochta** Cuireann an duine le pleananna oibríochta agus forbraíonn siad pleananna d'fhoirne de réir tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí ina réimse oibre. Dáileann an duine agus déanann siad monatóireacht ar ghníomhaíochtaí. Socraíonn an duine seirbhís agus cúram ar ardchaighdeán do chustaiméirí. **Acmhainní a Bhainistiú** Déanann an duine bainistíocht ar dháileadh, úsáid agus mheasúnú acmhainní lena chinntiú go n-úsáidtear iad go héifeachtach chun pleananna oibre a sholáthar. Cuireann an duine laghdú i gcostas chun cinn agus laghdaíonn siad diomailt **Torthaí Maithe a Bhaint Amach** Déanann an duine iarracht torthaí maithe a bhaint amach nuair atá seirbhísí á soláthar. Eagraíonn an duine soláthar seirbhísí chun an caighdeán cuí a bhaint amach nó a shárú. Déanann an duine measúnú ar na torthaí a bhaintear amach, aithníonn siad réimsí ónar féidir leo rudaí a fhoghlaim agus cuireann siad na leasuithe riachtanach i bhfeidhm.
Feidhmíocht trí Dhaoine	**Stiúradh agus Spreagadh** Spreagann an duine daoine aonair agus grúpaí chun torthaí maithe agus atá dírithe ar chustaiméirí a bhaint amach. Forbraíonn an duine inniúlacht na mball foirne agus cabhraíonn siad leo barr a gcumais bhaint amach. Tugann an duine dea-shampla maidir le tiomantas, solúbthacht agus meon atá dírithe ar an gcustaiméir. **Feidhmíocht a Bhainistiú** Déanann an duine bainistíocht éifeachtach ar fheidhmíocht. Tugann an duine údarás agus spreagann siad daoine chun a gcuid den phlean oibre a chomhlíonadh. **Cumarsáid Éifeachtach** Tuigeann an duine an tábhacht a bhaineann le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le gach fostaí. Éisteann an duine go gníomhach le daoine eile. Tá sárscileanna cumarsáide labhartha agus scríofa ag an duine. Cuireann an duine smaointe i láthair do dhaoine aonair agus do ghrúpaí go héifeachtach.

Éifeachtacht Phearsanta	**Eolas Ábhartha** Coinníonn an duine iad féin ar an eolas faoi fhorbairtí, threochtaí agus dhea-chleachtas ina réimse freagrachta. Léiríonn an duine an t-eolas speisialtachta, an tuiscint agus an oiliúint atá riachtanach don ról. Tá eolas agus tuiscint mhaith ag an duine ar dhualgais reachtúla maidir le reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta agus mar a bhaineann sí leis an ionad oibre. **Teacht Aniar agus Folláine Phearsanta** Léiríonn an duine féinmhuinín chuí agus dhearfach. Bíonn an duine ar a suaimhneas faoi bhrú agus feidhmíonn siad go héifeachtach i réimse atá casta agus gasta. **Ionracas** Tá an duine ionraic agus macánta, oscailte, cothrom agus seasmhach agus iad ag plé le daoine eile. **Díograis, Nuálaíocht agus Éachtaí Pearsanta** Tá an duine tiomanta don ról agus socraíonn siad spriocanna chun na torthaí is fearr a bhaint amach. Tá an duine tiomanta agus oibríonn siad lena gcuid eolais agus scileanna a choimeád cothrom le dáta. In ann ceisteanna a thuar agus gníomhú chun fadhbanna a sheachaint dá réir. Cruthaíonn an duine deiseanna nua. Leanann an duine ar aghaidh nuair atá deacrachtaí rompu. Déanann an duine scrúdú orthu féin go rialta maidir le feidhmíocht a fheabhsú.

PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

An Oifig
Post buan, lánaimseartha, inphinsin atá ann.

Níl cead ag an té sa phost a bheith páirteach in obair shochrach ar bith seachas mar oifigeach d'údarás áitiúil, ar bhealach a chuirfeadh as dóibh maidir le dualgais a chomhlíonadh mar oifigeach d'údarás áitiúil nó in aon obair ina mbeadh coimhlint leasa le leas an údaráis áitiúil nó a chuirfeadh as dóibh maidir le dualgais mar oifigeach de chomhairle áitiúil a chomhlíonadh.

Promhadh
Sa chás go gceaptar duine sa phost nach bhfuil fostaithe go buan in údaras áitiúil, beidh na forálacha seo a leanas i gceist:

(i) Beidh tréimhse phromhaidh le comhlíonadh ag an té a cheapfar sa phost tar éis an cheapacháin;
(ii) Mairfidh an tréimhse seo 12 mhí, ar a mhéad;
(iii) Beidh ar an duine an post a fhágáil ag deireadh na tréimhse promhaidh mura ndeimhníonn an Príomhfheidhmeannach go bhfuil an tseirbhís sásúil

Tuarastal
Beidh gach rud san áireamh sa tuarastal agus beidh sé mar a shocrófar é ó am go ham. Íocfaidh daoine sa phost aon táille nó airgead (seachas á dtuarastal iniatach) a íocadh leo nó a fuair siad de bharr a bpoist nó de bharr aon seirbhíse nó faoi aon achtú leis an Údarás Áitiúil.

Seo thíos an scála tuarastail don phost mar Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin:

Scála Tuarastail, i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2026:

€79,881 – €82,330 – €83,503 – €85,968 – €88,454 – €90,933 – €93,430 – €96,567IFS1 – €99,695IFS2

Beidh tuarastal an phoist de réir an chleachtais reatha de réir mar a leagtar amach é sna ciorcláin chuí.
Beidh an tuarastal tosaigh ag íosphointe an scála d'iontrálaithe nua. Socrófar an tuarastal tosaigh don phost seo de réir na gCiorclán a d'eisigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

De réir Chiorclán EL 02/2011 na Roinne , i dtaca le duine nach bhfuil ag feidhmiú mar fhostaí in údarás áitiúil ar an nó tar éis an 1 Eanáir 2011, tosóidh siad ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail don phost. Is féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.

Áit Chónaithe
Beidh ar an duine sa phost cur fúthu sa cheantar ina bhfuil na dualgais le cur i bhfeidhm nó cóngarach don áit sin.

Dáta Tosaithe:
Cuireann an t-údarás áitiúil iachall ar an duine a cheapfar glacadh leis an gceapachán sin taobh istigh de thréimhse nach bhfuil níos mó ná trí mhí agus má theipeann orthu glacadh leis an gceapachán taobh istigh den tréimhse ama sin nó taobh istigh de thréimhse níos faide, ar féidir leis an údarás, ar a dhiscréid féin, a shocrú, ní cheapfaidh an t-údarás áitiúil iad.

Dualgais
Faoi Alt 159(3) agus (4) den Acht Rialtais Áitiúil 2001, comhlíonfaidh fostaí den údarás áitiúil dualgais na hoifige agus soláthróidh siad, faoi threoir agus faoi rialú ginearálta an Phríomhfheidhmeannaigh nó oifigigh eile a ainmneoidh an Príomhfheidhmeannach ó am go ham, seirbhísí cuí feidhmiúcháin, riaracháin nó bainistíochta atá riachtanach chun aon cheann dá gcumhachtaí, ndualgais agus bhfeidhmeanna a chomhlíonadh agus na cumhachtaí, dualgais agus feidhmeanna a thabharfaidh an Príomhfheidhmeannach dóibh ó am go ham a úsáid, lena n-áirítear seirbhís a thabhairt do gach coiste a bhunóidh an t-údarás áitiúil agus aon dualgas a bheadh riachtanach maidir le réimse aon údaráis áitiúil. Déanfaidh an duine sa phost ionadaíocht, más gá, d'oifigeach ag leibhéal níos airde.

Uaireanta freastail
Beidh na huaireanta freastail de réir mar a shocraítear iad ó am go ham agus ní bheidh siad níos lú ná 35 huaire an chloig san iomlán in aghaidh na seachtaine. Beidh ar an duine a cheapfar uaireanta breise a dhéanamh ó am go ham mar a bheidh réasúnta agus riachtanach chun dualgais an phoist a chomhlíonadh i gceart, de réir na dteorainneacha atá leagtha amach sna rialacha um uaireanta oibre. Áirítear freastal oibre sa bhreis a tharlóidh ó am go ham sa ráta tuarastail atá iníoctha.

Saoire Bhliantúil
Ceadaítear 30 lá saoire sa bhliain sa phost mar Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin. Tá an tsaoire bhliantúil seo faoi réir na ngnáthchoinníollacha a bhaineann le saoire bhliantúil a cheadú sa tseirbhís phoiblí, bunaithe ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh.

Saoire Bhreoiteachta
Sa chás nach bhfuil aon fhianaise maidir le buan-neamhábaltacht seirbhíse, is féidir pá iomlán a íoc le linn saoire breoiteachta atá deimhnithe i gceart ar bhonn *pro-rata*, de réir na bhforálacha atá sna ciorcláin lena mbaineann.

Ranníocaíochtaí Aoisliúntais:
Beidh ar dhaoine a ndéantar oifigigh inphinsin d'údarás áitiúil díobh, agus a bhfuil sé dlite orthu ráta Aicme D de ranníocaíochtaí ÁSPC a íoc, ranníocaíochtaí a thabhairt don údarás áitiúil, maidir lena n-aoisliúntais, ag ráta 5% dá luach saothair inphinsin.

Beidh ar dhaoine a ndéantar oifigeach inphinsin d'údarás áitiúil díobh, agus a bhfuil sé dlite orthu ráta Aicme A de ranníocaíochtaí ÁSPC a íoc, ranníocaíochtaí a thabhairt don údarás áitiúil, maidir lena n-aoisliúntais, ag ráta 1.5% dá luach saothair inphinsin móide 3.5% dá luach saothair inphinsin glan (i.e. luach saothair inphinsin lúide dhá oiread an ráta bhliantúil de

phinsean ranníocach seanaoise atá iníoctha ag an uasráta le duine gan chleithiúnaí fásta nó leanaí cáilithe).

Caithfidh gach duine a ndéantar oifigeach inphinsin d'údarás áitiúil díobh, i dtaca leis an Scéim Rialtais Áitiúil (Pinsean Ranníocach do Chéilí agus Leanaí) 1986, ranníocaíochtaí a thabhairt don údarás áitiúil ag ráta de 1.5% dá luach saothair inphinsin nó de luach saothair glan inphinsin, cibé acu atá i gceist, de réir théarmaí na Scéime.

Beidh ar dhaoine a ndéantar oifigeach inphinsin d'údarás áitiúil díobh don chéad uair tar éis an 1 Eanáir 2013, ráta Aicme A de ranníocaíochtaí ÁSPC a íoc agus ní mór dóibh ranníocaíochtaí a thabhairt maidir lena n-aoisliúntais, ag ráta 3.5% dá luach saothair inphinsin glan (.i. luach saothair inphinsin lúide dhá oiread an ráta bliantúil de phinsean ranníocach seanaoise (árachas sóisialta) atá iníoctha ag an uasráta le duine gan chleithiúnaí fásta nó leanaí cáilithe) móide 3% d'íocaíocht inphinsin.

Scor
I bhfeidhm ón 1 Eanáir 2013, baineann an Scéim Aonair Seirbhíse Poiblí le gach iontrálaí nua sa tseirbhís phoiblí agus freisin le hiarsheirbhísigh phoiblí atá ag filleadh ar an tseirbhís phoiblí tar éis dóibh briseadh de níos mó ná 26 seachtaine a ghlacadh. Tá an ghnáthaois scoir faoin Scéim mar an gcéanna leis an aois ag ar féidir leat Pinsean Ranníocaíoch an Stáit a fháil ón Roinn Coimirce Sóisialaí, 66 bliana d'aois faoi láthair. Is féidir go n-athrófar an aois seo mar go raibh sé i gceist aois Phinsin an Stáit a ardú go 67 bliana d'aois ón 1 Eanáir 2021 agus go 68 mbliana d'aois in 2028, ach chuir an rialtas an t-athrú seo siar agus bunaíodh Coimisiún Pinsin chun féachaint ar an athrú in aois Phinsin an Stáit. Ní mór dul ar scor ag 70 bliain d'aois.

Maidir le ceapaithe nach n-áirítear mar "iontrálaithe nua" iad mar a shainmhínítear san Acht um Aoisliúntais Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004, is ag 60 bliain d'aois is luaithe is féidir dul ar scor agus ní mór dul ar scor ag 70 bliain d'aois.

Maidir le hAicme A, sainmhínítear "iontrálaithe nua" san Acht um Aoisliúntais Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004 agus is ag aois 65 bliana d'aois is luaithe is féidir dul ar scor agus níl aon uas-aois chun dul ar scor.

Fabhrú Pinsin
Bheadh teorainn de 40 bliain seirbhíse ar féidir í a áireamh do phinsean sa chás go raibh duine ina mball de scéim pinsin seirbhíse poiblí reatha atá i bhfeidhm. Tháinig an teorainn seo, dona bhforáiltear san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, i bhfeidhm ar an 28 Iúil 2012. Is féidir go mbeidh impleachtaí aige sin do dhuine ar bith atá le ceapadh a shaothraigh cearta pinsin ó fhostaíocht cheana sa tSeirbhís Phoiblí.

Lacáiste Pinsin
Má bhí an ceapaí fostaithe cheana sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus ag saothrú pinsin ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó má thagann pinsean ón Státseirbhís / tSeirbhís Phoiblí i bhfeidhm le linn a n-athfhostaíochta, beidh an pinsean faoi réir ag lacáiste de réir an Achta um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Tabhair faoi deara: Nuair a dhéanann tú iarratas ar an bpost seo glacann tú leis go dtuigeann tú go mbeidh an fhoráil maidir le lacáiste, más cuí, i bhfeidhm. Ní cheaptar go nglacfaidh an Roinn/Oifig/Comhlacht fostaithe le hiarratas ar athscaoileadh lacáiste i dtaca le ceapachán sa phost seo.

Scéim Dhreasaithe Luathscoir (SDL):

Tá sé mar choinníoll den Scéim Dhreasaithe Luathscoir (SDL) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais nach féidir le daoine ar scor faoin Scéim, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó sa rannán céanna. Mar sin, ní féidir le daoine dá leithéid atá ar scor iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

Ciorclán (7/2010) na Roinne Sláinte agus Leanaí
Thug Ciorclán 7/2010 na Roinne Sláinte den 1 Samhain, 2010, Scéim Dhreasaithe Luathscoir Dheonach agus Scéimeanna Deonacha Iomarcaíochta (SDI) isteach. Tá sé mar choinníoll den Scéim Dheonach Luathscoir nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim i dteideal a bheith fostaithe arís in earnáil na sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne nó i bhforas a fhaigheann maoiniú i bpáirt nó go hiomlán ó airgead poiblí. Tá an cosc céanna ar athfhostaíocht i bhfeidhm faoin SDI ach go maireann an tréimhse choiscthe 7 mbliana. Níl duine ar bith a ghlac páirt in SDL i dteideal iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as SDL agus a n-éiríonn leo sa chomórtas seo a dteidlíocht a chruthú (críoch le tréimhse gan bheith i dteideal).

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí
Thug litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin den 28 Meitheamh, 2012, chuig Oifigigh Phearsanra isteach Comhaontú Comhchoiteann a socraíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin agus Coiste Seirbhísí Poiblí an ICTU maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia do Sheirbhísigh Phoiblí, le bheith i bhfeidhm ón 1 Meitheamh 2012. Tá sé mar choinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a ghlacann leis an gcomhaontú i dteideal a bheith fostaithe arís sa tseirbhís phoiblí in aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009-2011) ar feadh tréimhse de 2 bhliain ó tháinig deireadh leis an bhfostaíocht. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an Scéim Dheonach Luathscoir seo agus a n-éiríonn leo sa chomórtas seo a dteidlíocht a chruthú (críoch le tréimhse gan bheith i dteideal). .

Dearbhú
Ní mór d'iarrthóirí a dheimhniú ar ghlac siad páirt i scéim dhreasaithe luathscoir de chuid na seirbhíse poiblí agus/nó sa chomhaontú comhroinnte a luaitear thuas. Beidh ar iarrthóirí chomh maith aon teidlíocht atá acu ar shochar pinsin Státseirbhíse (trí íocaíocht nó trí leasú) ó aon fhostaíocht eile sa tSeirbhís Phoiblí a dhearbhú agus/nó má fuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí.

FÓGRA TÁBHACHTACH Is iad sin thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé ar intinn gur liosta cuimsitheach atá ann de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta ar fad a bheidh leagtha amach sa chonradh fostaíochta a aontófar leis an iarrthóir a cheapfar.

AN PRÓISEAS ROGHNAITHE

Conas Iarratas a Dhéanamh
Ní mór iarratas a dhéanamh ar líne trí **www.publicjobs.ie**.

In poistphoiblí, tá muid ag bogadh chuig ardán earcaíochta nua chun ár seirbhísí agus taithí an iarrthóra a fheabhsú. De bharr na seirbhíse nua, beidh d'iarratas níos feiceálaí duit agus beidh níos mó smachta agat air.

Agus iad ag teacht ar ár n-ardán earcaíochta nua den chéad uair, ní mór d'iarrthóirí clárú mar Úsáideoir Nua chun próifíl a chruthú (cuntas nua a chlárú). Chun seo a dhéanamh, téigh chuig an bhfolúntas ar mhaith leat cur isteach air ar Chlár na bPost trí chliceáil ar theideal an phoist. Tabharfar chuig an bhfolúntas thú agus beidh tú in ann cliceáil ar "Cuir Iarratas Isteach" sa rannán ar thaobh na láimhe deise ar ár suíomh gréasáin, nó ag bun an fhógra. Beidh ar iarrthóirí nár chláraigh ar ár n-ardán earcaíochta nua cheana roinnt sonraí pearsanta a chur isteach chun leanúint ar aghaidh lena n-iarratas. Beidh ort do chuntas a dheimhniú, agus ba chóir duit súil a choinneáil ar do chuntas ríomhphoist agus na treoracha a leanúint chun do chuntas a dheimhniú. Bí ar d'aire nach ionann clárú (próifíl a chruthú) agus iarratas a chur isteach. Beidh cuntas ag iarrthóirí a chláraigh cheana féin agus ba chóir dóibh "Logáil Isteach" a roghnú ón rannán ar thaobh na láimhe deise ag barr an leathanaigh chláraithe nó tríd an nasc ag bun an leathanaigh.

Agus tú cláraithe agus nuair a dheimhnítear do sheoladh ríomhphoist, ní mór duit teacht ar an bhfoirm iarratais, agus a chinntiú go gcomhlíonann tú gach cuid den fhoirm iarratais agus go gcuireann tú isteach i gceart í.

Chun seo a dhéanamh, beidh ort dul ar ais chuig an bhfolúntas ar mhaith leat cur isteach air **-Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin-** ar chlár na bpost ar **www.publicjobs.ie** agus cliceáil ar "Cuir Iarratas Isteach". An uair seo, ba chóir duit "Logáil Isteach" a roghnú sa rannán ar thaobh na láimhe deise ag barr an Leathanaigh Logála Isteach. Is é an seoladh ríomhphoist atá ceangailte le do chuntas d'ainm úsáideora. Tabhair faoi deara go bhfuil d'ainm úsáideora agus do phasfhocal cásíogair.

Léigh na treoracha seo a leanas go cúramach, le do thoil. De réir mar a théann tú ar aghaidh tríd an iarratas, ag bun gach leathanaigh beidh an rogha agat brú ar "Sábháil agus Lean ar Aghaidh". Ní dhéantar an t-eolas a chuireann tú isteach a shábháil ach nuair a chliceálann tú ar an gcnaipe "Sábháil agus Lean Ar Aghaidh". Má dhúnann tú an brabhsálaí sula gcliceálann tú ar "Sábháil agus Lean ar Aghaidh" nó mura ndéanann tú aon rud ar an gcóras ar feadh 30 nóim. nó níos mó, is féidir go logálfar amach as an bhfoirm iarratais thú agus is féidir go gcaillfear do chuid eolais.

Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a líonadh go hiomlán. Tá réiltín * in aice leis na rannáin riachtanacha. Ní mór na rannáin seo a chomhlíonadh sula mbeidh tú in ann an t-iarratas a chur isteach. Is féidir leat an fhoirm a shábháil mar dhréacht agus filleadh uirthi níos déanaí, ach tabhair faoi deara nach mór duit an fhoirm a chur isteach chun go ndéanfar machnamh ort don chomórtas agus nach rachaidh dréachtaí d'iarratais ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile.

Ní mór go mbeadh tic glas in aice le gach rannán sa Rianaire i dtaca le Dul Chun Cinn sula mbeidh tú in ann iarratas a chur isteach. Téigh ar ais chuig aon rannán nach bhfuil tic glas in aice leis sa Rianaire i dtaca le Dul Chun Cinn agus beidh treoracha le feiceáil maidir leis an eolas atá ag teastáil. Bí cinnte go bhfuil gach eolas i gceart sula gcuireann tú d'iarratas isteach

toisc nach féidir aon athruithe a dhéanamh i ndiaidh duit iarratas a chur isteach. Nuair a chuireann tú d'fhoirm iarratais isteach, tabharfar chuig leathanach thú ar a ndeimhneofar go bhfuarthas d'iarratas. Is féidir leat stádas d'iarratais a fheiceáil am ar bith trí logáil isteach, d'ainm a roghnú sa rannán ar thaobh na láimhe deise ag barr an leathanaigh agus "Féach ar Iarratais" a roghnú. Ag an bpointe seo, ba chóir duit @publicjobs.tal.net a chur le do liosta de dhaoine nó de theagmhálaithe sábháilte i do chuntas ríomhphoist chun nach gcuirfear cosc ar ríomhphoist ó poistphoiblí.

Ní ghlacfar ach le hiarratais atá comhlíonta go hiomlán agus a chuirtear isteach i gceart san fheachtas. Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an bhfeachtas seo, nó má thugtar cuireadh chun agallaimh dóibh, ní hionann sin agus a rá go nglacann poistphoiblí leis go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais ar fad.

Téigh chuig an **Ionad Cabhrach** má tá ceisteanna agat nó má tá deacrachtaí teicniúla agat agus tú ag iarraidh bogadh timpeall an tsuímh.

Ní féidir le duine ach iarratas amháin a dhéanamh.

Dáta Dúnta
Ní mór d'iarratas ar líne a chur isteach ar www.publicjobs.ie roimh **3i.n. ar an Déardaoin 30 Aibreán 2026** ar a dhéanaí. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta seo.

Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas taobh isteach de dhá lá oibre ó lá an iarratais, seol ríomhphost chuig LGrecruitment@publicjobs.ie

Bainistíocht na bPainéal
Cuirfear iarrthóirí a n-éiríonn leo ar phainéal agus is féidir go líonfar folúntais ón bpainéal seo amach anseo. De ghnáth, maireann painéil 18 mí - 24 mhí (de réir mar a shocraíonn poistphoiblí) ón dáta ar a mbunaítear iad nó go dtí nach bhfuil éinne fágtha orthu, cibé ceann a tharlaíonn ar dtús. **Níl aon chinnteacht** ann go gceapfar duine i bpost má chuirtear iad ar phainéal.

Clár Teachtaireachtaí poistphoiblí
Le linn an phróisis roghnaithe, déanfar teagmháil le hiarrthóirí ar líne go príomha. Seolfaidh poistphoiblí cumarsáid trí do chlár teachaireachtaí den chuid is mó. Moltar duit féachaint ar do Chlár Teachtaireachtaí go rialta mar is féidir go n-aistreofar fógraí ríomhphoist faoi shonraí nua/ thástálacha/ agallaimh srl. a chuirtear chuig Clár na dTeachtaireachtaí chuig do chomhad ríomhphoist do Dhramhaíl/Thurscar (nó "Promotions" i gcás gmail). Moltar duit freisin breathnú ar na comhaid seo ar fad go minic.

Ní bheidh poistphoiblí freagrach as comhfhreagras nár oscail nó nach bhfuair an t-iarrthóir.

Próiseas Roghnaithe
Is féidir go mbeadh gnéithe seo a leanas mar chuid den Phróiseas Roghnaithe:

- gearrliostú iarrthóirí bunaithe ar an eolas ina n-iarratas, i gcomparáid le critéir a leagtar amach bunaithe ar riachtanais an phoist
- réamhagallamh iomaíoch
- agallamh físe réamhthaifeadta
- ceistneoir(í) ar líne a chomhlíonadh
- cleachtadh bunaithe ar thuairisc a scríobh nó cleachtaí eile
- cur i láthair nó cleachtaí eile
- agallamh deiridh iomaíoch

- agallamh ó chian
- sampla oibre/rólimirt/ cleachtadh meán, agus/nó aon triail nó aon chleachtadh riachtanach eile

Seolfar eolas ábhartha chuig iarrthóirí ag gach céim den phróiseas roghnaithe.

Mura gcloiseann poistphoiblí faoi aon cheist nó faoi aon fhadhb a tharlaíonn duit roimh nó ar lá na dtrialacha, ní bheidh muid in ann plé leo ina dhiaidh sin

Gearrliostú
Go hiondúil, is mó i bhfad na hiarratais a fhaightear ná líon na bpost a bhíonn ann, idir na folúntais reatha agus na folúntais a bheidh le líonadh amach anseo. In ainneoin go gcomhlíonann iarrthóir riachtanais cháilitheachta an chomórtais, féadfaidh poistphoiblí cinneadh a dhéanamh líon níos lú de na hiarrthóirí a chur faoi agallamh má bhíonn an oiread sin iarrthóirí ann is nach mbeadh sé indéanta gach duine a chur faoi agallamh.

Cuireann poistphoiblí próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm chun líon iarrthóirí, a bhfuil an dealramh orthu gurb iad is oiriúnaí don phost tar éis dúinn iniúchadh a dhéanamh ar na foirmeacha iarratais, a roghnú le dul faoi agallamh.

Níltear ag tabhairt le fios go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach, nó nach mbeidís in ann tabhairt faoin bpost, ach go bhfuil iarrthóirí áirithe ann atá níos cáilithe agus/nó a bhfuil níos mó taithí iomchuí acu. Le linn an phróisis ghearrliostaithe, déanfaidh bord saineolaithe scrúdú ar na foirmeacha iarratais de réir na gcritéar gearrliostaithe, atá bunaithe ar riachtanais an phoist. Is féidir go ndéanfar caighdeán an ábhair i ngach foirm iarratais a mheas le linn an phróisis chomh maith. Is féidir go mbeidh critéir riachtanacha agus inmhianaithe san áireamh sna critéir ghearrliostaithe a leagtar amach don phost seo agus moltar duit, mar sin, cuntas cuimsitheach agus cruinn a thabhairt ar do cháilíochtaí/thaithí i d'iarratas. Is faoin iarrthóir féin atá sé an fhoirm iarratais a chomhlíonadh go hiomlán agus go cruinn.

Maidir le comórtais ina mbíonn líon mór iarrthóirí, is féidir go gcuirfear iarrthóirí in ord fiúntais bunaithe ar a dtoradh sna trialacha ar líne agus cuirfear ar an ngearrliosta iad de réir na háite a bhaineann siad amach san ord fiúntais. Ní mór d'iarrthóirí dul san iomaíocht agus ceann de n háiteanna is airde a bhaint amach chun go ndéanfar machnamh orthu le dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnaithe ina bhfuil céimeanna éagsúla. Socróidh poistphoiblí, ó am go ham, an líon daoine a gheobhaidh cuireadh ag gach céim.

Triail Roghnach Teanga
Is féidir le hiarrthóir scrúdú a dhéanamh chun gur féidir a gcumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i nGaeilge agus i mBéarla a mheas. Déanfar cumas an iarrthóra sa teanga ina reáchtálfar an t-agallamh a mheas le linn an agallaimh féin agus bainfear úsáid as triail teanga iomaíoch chun a gcumas sa teanga eile a mheas. Plé ar ghnáthchúrsaí a bheidh sa triail seo agus, de réir mar is cuí, plé ar nithe a bhaineann le dualgais an phoist. Bronnfar marcanna sa bhreis, de réir inniúlachta, ar na hiarrthóirí má dheimhníonn poistphoiblí go bhfuil cumas acu sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon. Bronnfar marcanna breise ar iarrthóirí a n-éiríonn leo san agallamh, agus a léiríonn a gcumas agus sa chás sin bronnfar 6% sa bhreis de na marcanna iomlána atá ar fáil ag an agallamh orthu.

Maidir le hiarrthóirí a thugann faoin Measúnú Roghnach Gaeilge a reáchtálann poistphoiblí, bíonn pas bailí ar feadh tréimhse de dhá bhliain.

Coinneoidh Foireann na Gaeilge in poistphoiblí liosta d'iarrthóirí.

Iarrthóirí faoi Mhíchumas
Tá ról tábhachtach ag poistphoiblí maidir le hiarrthóirí ó gach carn den tsochaí a mhealladh agus maidir lena chinntiú go bhfuil rochtain ag gach duine a bhfuil suim acu i ndeiseanna gairme ar na deiseanna sin. Tá muid tiomanta do pholasaí comhdheiseanna do gach iarrthóir. Má tá tú f**aoi mhíchumas nó má tá socruithe réasúnta ag teastáil uait le linn an phróisis roghnaithe, molaimid go láidir duit é sin a chur in iúl dúinn** chun gur féidir linn a chinntiú go bhfaigheann tú an tacaíocht atá de dhíth ort.

Is éard atá i gceist le socruithe réasúnta inár bpróiseas roghnaithe ná socruithe agus athruithe praiticiúla a dhéantar chun a chinntiú go mbíonn an deis chéanna ag iarrthóir faoi mhíchumas agus a bhíonn ag gach iarrthóir eile. **Is féidir linn socruithe a chur ar fáil d'aon chéim den phróiseas, measúnuithe ar líne, agallaimh, nó cleachtaí san áireamh.** Maidir leis na socruithe a chuireann muid ar fáil, tá na socruithe seo a leanas i gceist: teicneolaíocht chúnta, am sa bhreis, scríobhaithe agus/nó léitheoirí agus socruithe éagsúla eile.

Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá socruithe ag teastáil uait, bí cinnte **nach mbeidh** tionchar aige sin ar do dhul chun cinn sa phróiseas roghnaithe; ní bheidh tú faoi mhíbhuntáiste má thugann tú eolas dúinn faoin míchumas atá ort nó faoi na socruithe atá de dhíth ort. Coinneoidh muid eolas faoin míchumas atá ort/faoi na socruithe atá de dhíth ort **faoi rún** daingean.

Má éiríonn leat, **<u>ní sheolfaidh muid</u>** eolas a thugann tú dúinn faoin míchumas atá ort ag an gcéim seo den phróiseas ar aghaidh **chuig an roinn fostaíochta**, ach amháin má iarrann tú orainn seo a dhéanamh.

Má chuireann tú in iúl i d'fhoirm iarratais go mbeidh socruithe réasúnta uait, beidh an rogha seo a leanas agat:

A. Má bhain tú leas as socruithe réasúnta **le poistphoiblí le trí bliana anuas**, ba chóir duit sonraí **faoin gcomórtas** is déanaí donar tugadh socruithe réasúnta duit, mar aon le d'**UA Iarrthóra**

<u>NÓ</u>

B. Beidh ort **tuairisc ó shíceolaí/tuairisc leighis a uaslódáil** mar chuid de d'iarratas, ina bhfuil sonraí faoi do mhíchumas/riachtanais.

Tá tuairisc ag teastáil uainn chun tuiscint níos fearr a fháil ar do mhíchumas agus ar do riachtanais. Mar aon le d'iarratas, cabhraíonn an tuairisc linn a shocrú cén socruithe a bheadh oiriúnach duit sa phróiseas roghnaithe.

Ní roinnfear na tuairiscí ach le hAonad na Seirbhísí Measúnaithe in poistphoiblí. Maidir leis an eolas sna tuairiscí sin atá cabhrach dúinn, tá an t-eolas seo a leanas san áireamh: torthaí aon tástálacha diagnóiseacha a rinne do shíceolaí/dhochtúir, agus achoimre ón síceolaí/dochtúir ar mholtaí maidir le do riachtanais. Is féidir leat codanna de thuairiscí leighis/thuairiscí ó shíceolaí **a cheilt (a bhaint amach)** má cheapann tú go bhfuil siad íogair nó nach bhfuil gá leo.

<u>Ná seol</u> do thuairisc leighis/do thuairisc ó shíceolaí chugainn trí mheán an ríomhphoist – ba chóir í a uaslódáil le d'iarratas ar líne.

Má tá deacracht ar bith agat agus do thuairisc á huaslódáil agat, téigh i dteagmháil le: **LGRecruitment@publicjobs.ie.**

Cinnteoidh poistphoiblí go gcuirfear do shocruithe réasúnta i bhfeidhm ar bhealach cuí ag gach céim den phróiseas roghnaithe.

Má tá **aon cheist agat faoi phróiseas na socruithe réasúnta nó faoi na socruithe a tugadh duit**, téigh i dteagmháil le **ASU@publicjobs.ie.**

Más mian leat aon cheist a bhaineann le **hinrochtaineacht** ár seirbhíse nó ár bhfoirgnimh a phlé, nó má tá tacaíocht uait ónár **dTacadóir Míchumais**, Amanda Kavanagh, téigh i dteagmháil leedi@publicjobs.ie.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Éagsúlacht agus faoin Ionchuimsiú, féach ar an **Mol Eolais** ar ár suíomh gréasáin Is féidir eolas a fháil faoi inrochtaineacht ár seirbhíse ar an leathanach dar teideal **Inrochtaineacht** ar ár suíomh gréasáin.

Imréiteach Slándála
Beidh ort foirm ghrinnfhiosrúcháin leictreonach an Gharda Síochána a líonadh má dhéantar machnamh ort do cheapachán. Cuirfear an fhoirm ar aghaidh chuig an nGarda Síochána chun gur féidir leo scrúdú slándála a dhéanamh faoi gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart na hÉireann a raibh tú i do chónaí ann. Má tú machnamh á dhéanamh agat do phost trí chomórtas earcaíochta eile laistigh de 6 mhí ó rinne poistphoiblí an grinnfhiosrúchán, cuir seo in iúl dúinn toisc gur féidir nach mbeidh ort Foirm Ghrinnfhiosrúcháin eile a chomhlíonadh.

Má chaith tú 12 mhí as a chéile i do chónaí/ag staidéar i dtíortha lasmuigh de Phoblacht na hÉireann agus tú níos sine ná 18 mbliana d'aois, ní mór duit Teastas Imréitigh Phóilíneachta a fháil ó na tíortha sin. Beidh ort Teastas Imréitigh Phóilíneachta a sholáthar maidir le gach tír a raibh tú i do chónaí ann. Ní mór go mbeadh an dáta imréitigh tar éis an dáta ar fhág tú an tír. Is fútsa atá sé imréiteach slándála a lorg in am mar go dtógann sé roinnt ama. Ní féidir thú a cheapadh mura soláthraítear an t-eolas seo agus mura bhfuil poisphoiblí sásta leis.

Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas gur féidir aon eolas a thagann chun solais i bpróiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chur ar fáil don údarás fostaithe.

Beidh iarrthóirí freagrach as aon chostas a tharlaíonn maidir le Teastais Imréitigh Phóilíneachta a fháil.

Eolas tábhachtach eile
Ní bheidh poistphoiblí freagrach as aon chostas a tharraingíonn iarrthóirí orthu féin a íoc ar ais.

Ní thugann cead isteach iarrthóra ar chomórtas, nó cuireadh chun agallaimh, le tuiscint go nglacann poistphoiblí leis go gcomhlíonann an t-iarrthóir úd na riachtanais nó nach bhfuil an t-iarrthóir dícháilithe ó cheapachán, de réir an dlí.

Sula moltar aon duine don cheapachán seo, déanfaidh poistphoiblí gach fiosrúchán a bhfuil gá leis chun oiriúnacht an iarrthóra sin a shocrú. Ní féidir socrú deiridh a dhéanamh, nó ní féidir glacadh leis go bhfuil socrú deiridh déanta, go dtí go bhfuil gach céim den phróiseas earcaíochta críochnaithe go hiomlán. Sa chás go ndiúltaíonn an chéad duine a mholtar do cheapachán don cheapachán sin, nó má éiríonn siad as tar éis dóibh glacadh leis an gceapachán, féadfaidh poistphoiblí, mar is toil leo, an dara duine a roghnú agus a mholadh

do cheapachán de thoradh an chomórtais seo. Is féidir go mbunófar painéal as a líonfar folúntais ón gcomórtas seo amach anseo.

Tábhacht na Rúndachta
Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, déileálfar le hiarratais faoi rún daingean.

Is féidir leat a bheith cinnte go bpléitear le gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné de na himeachtaí le hardrúndacht agus nach dtugtar aon eolas d'éinne taobh amuigh díobh siúd a bhfuil baint dhíreach acu leis an ngné sin den phróiseas.

Baintear míreanna áirithe eolais, nach mbaineann le duine ar leith, as cuntais ríomhaire ar chúiseanna ginearálta staidrimh.

Iarratas a Tharraingt Siar
I gcás iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh agus ar thrialacha ag an am cuí san áit chuí a shocraíonn poistphoiblí nó nach soláthraíonn, má iarrtar a leithéid orthu, cibé fianaise atá de dhíth ó poistphoiblí i dtaca le hábhar ar bith a bhaineann lena n-iarratas, ní féidir iad chur san áireamh do phost.

Ní mór d'iarrthóirí gach doiciméad, foirmeacha a eisíonn poistphoiblí san áireamh, a chur ar fáil taobh istigh de chúig lá. Mura ndéantar seo, glacfar leis gur tharraing an t-iarrthóir siar ón gcomórtas agus ní thabharfar aon aird ar a n-iarratas a thuilleadh.

Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí
Tá sé mar aidhm seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcustaiméirí ar fad. Má tá tú míshásta, ar chúis ar bith, le gné ar bith den tseirbhís a chuirtear ar fáil duit, iarrann muid ort an t-ábhar a chur in iúl don aonad nó don bhall foirne cuí. Tá sé tábhachtach go ndéantar amhlaidh de bhrí go gcinntíonn sé go bhfuil muid ar an eolas faoin bhfadhb agus gur féidir linn bearta a chur i bhfeidhm chun an scéal a réiteach.

Cuirfear aiseolas i scríbhinn ar fáil má iarrtar é. Ní chuireann iarratas ar aiseolas as don tréimhse ama atá leagtha amach maidir le hathbhreithniú a lorg.

Fearas Taifeadta a Úsáid
Ní cheadaíonn poistphoiblí aon fhearas taifeadta a úsáid ina bhfoirgneamh nó in áit ar bith ina mbíonn measúnú/trialacha/agallaimh srl. ar siúl, m.sh. agallaimh físe, teileachomhdháil. Baineann sin le taifeadadh fuaime ar bith nó pictiúr socair nó taifeadadh físe de chineál ar bith, is cuma má tá taifeadadh fuaime i gceist nó nach bhfuil, agus tá gach cineál feiste a úsáidtear don chuspóir sin i gceist. Ní mór do dhuine ar bith ar mhian leo fearas dá leithéid a úsáid ar cheann ar bith de na cúiseanna seo cead i scríbhinn a lorg roimh ré. Tá an polasaí seo i bhfeidhm chun príobháideachas na mball foirne agus na gcustaiméirí a chosaint chomh maith le hionracas an ábhair mheasúnaithe agus na bpróiseas measúnaithe. Duine ar bith a úsáideann fearas taifeadta mar seo gan chead, tá an duine sin ag sárú an pholasaí seo. Is féidir iarrthóir ar bith a dhéanann sárú dá leithéid a dhícháiliú ón gcomórtas agus d'fhéadfaí an t-iarrthóir sin a ionchúiseamh faoi alt 55 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

Iarratas ar Athbhreithniú faoi na Cóid Chleachtais maidir le Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí

Má tá iarrthóir míshásta i ndiaidh dóibh toradh a fháil d'aon chéim de phróiseas roghnaithe, is féidir leo:

1. Iarratas a dhéanamh ar **Athbhreithniú ar chinneadh** a rinneadh le linn an phróisis

Nó

2. **Gearán a Dhéanamh** go raibh an próiseas roghnaithe atá i gceist míchothrom

Is féidir le hiarrthóir tabhairt faoi cheann amháin den dá nós imeachta maidir leis an ngné chéanna de phróiseas roghnaithe, ach ní féidir leo tabhairt faoin dá cheann. Sa chás gur tharla próiseas athbhreithnithe ar phróiseas roghnaithe faoi Alt 7 (de réir mar a leagtar amach thíos) den Chód Cleachtais, ní féidir le gearánaí athbhreithniú eile a lorg faoi Alt 8, seachas i gcásanna fíoreisceachtúla ar fad a shocróidh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) **ar a dtoil**.

Níl aon dualgas ar poistphoiblí stad a chur leis an bpróiseas ceapacháin a fhad is atá siad ag plé le hAthbhreithniú nó le Gearán. Tá an CCSP ag súil leis, áfach, go ndéanfaidh poistphoiblí idirghabháil, más féidir, i gcásanna ina socraíonn sí gur cosúil go ndearnadh earráid.

<u>Iarratas a dhéanamh ar Athbhreithniú faoi Alt 7</u>

Is féidir le hiarrthóir iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh má tá siad míshásta le haon bheart nó le haon chinneadh a rinne poistphoiblí. Breathnóidh poistphoiblí ar iarratais ar athbhreithniú de réir na bhforálacha a leagtar amach in **Alt 7** den Chód Cleachtais maidir le Poist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí, a fhoilsíonn an CCSP.

Nuair a dhéantar iarratas ar athbhreithniú, ní mór don iarrthóir na fíricí a léiríonn, dar leo, go raibh an gníomh nó cinneadh a rinneadh mícheart a chur i láthair. Is féidir go ndiúltófar d'iarratas ar athbhreithniú murar féidir leis an iarrthóir fíricí a chur i láthair maidir lena gcás.

Mar chuid d'Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil, déanfar scrúdú ar aon eolas atá ar fáil maidir leis an bpróiseas earcaíochta agus maidir leis an gcinneadh a rinneadh faoi iarratas an iarrthóra. Seolfar toradh an Phróisis Athbhreithnithe Neamhfhoirmiúil chuig an iarrthóir i scríbhinn.

- Ní mór iarratas ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth, socrófar é idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid poistphoiblí a raibh baint mhór acu leis an bpróiseas roghnaithe a riar.
- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil dá leithéid a bheith acu, is féidir leo iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a lorg mar seo thíos.

Ní mór iarratas ar Athbhreithniú Foirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre tar éis fhógra an chéad chinnidh, nó laistigh de 5 lá oibre ó fógraíodh toradh an phróisis Athbhreithnithe Neamhfhoirmiúil. Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama seo a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá neamhchoitianta ar fad agus is iad an Príomhfheidhmeannach amháin a dhéanfaidh an cinneadh, mar is toil leo.

- Ní mór don iarrthóir a gcúis ghearáin maidir leis an bpróiseas a chur i scríbhinn chuig an bPríomhfheidhmeannach (trí mheán an ríomhphoist chuig ceomailbox@publicjobs.ie, nó i scríbhinn chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, poistphoiblí, Áras na Caibidle, Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath

1), ina leagann siad amach na fíricí a léiríonn, dar leo, go bhfuil an beart a rinneadh nó an cinneadh a rinneadh mícheart.

- Déanfaidh duine atá iomlán neamhspleách ón bpróiseas roghnaithe an tAthbhreithniú Foirmiúil.
- Ní foláir toradh an Athbhreithnithe Fhoirmiúil a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre ó fuarthas an t-iarratas ar athbhreithniú de ghnáth. Mura ndéantar cinneadh bunaithe ar an bhfiosrúchán laistigh den tréimshe ama seo, ní mór do poistphoiblí an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas maidir le stádas an athbhreithnithe agus maidir le cúiseanna na moille.

Gearán a dhéanamh faoi Alt 8

Is féidir go gceapfadh iarrthóir gur sháraigh poistphoiblí Cód Cleachtais an Choimisiúin ar bhealach a chuireann as d'ionracas an chinnidh a rinneadh sa phróiseas ceapacháin. Tríd an bpróiseas gearáin is féidir le hiarrthóir gearán a dhéanamh faoi **Alt 8** chuig poistphoiblí ar dtús agus chuig an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ina dhiaidh sin ar achomharc sa chás go bhfuil siad míshásta fós.

Mar thoradh ar phróiseas Gearáin faoi Alt 8, is féidir go socróidh poistphoiblí nó an CCSP nár chloígh an próiseas earcaíochta agus roghnaithe atá i gceist leis an gcaighdeán a leagtar amach sa Chód Cleachtais. I gcásanna den chineál seo, is féidir go ndeánfaidh poistphoiblí agus an CCSP moltaí chun a chinntiú nach dtiocfaidh na deacrachtaí céanna chun cinn arís sa todhchaí. **Ní féidir leis an gCCSP ordú a thabhairt do poistphoiblí cinneadh a rinneadh le linn an phróisis cheapacháin a athrú.** Ba chóir d'iarrthóir atá ag iarraidh fiosrúchán a lorg maidir le cinneadh a rinneadh faoina n-iarratas mar chuid de phróiseas roghnaithe iarratas a dhéanamh ar Athbhreithniú faoi Alt 7, de réir mar a leagtar amach thuas.

Ní mór don ghearánaí na fíricí a léiríonn, dar leo, go raibh an próiseas mícheart a chur i láthair. Ní mór don ghearánaí an ghné den Chód a sáraíodh, dar leo, a shainaithint agus aon doiciméad ábhartha a chabhródh lena líomhain a chur leis. Is féidir go gcaithfear amach gearán ar bith murar féidir leis an ngearánaí tacaíocht a thabhairt dá líomhaintí tríd an gcaoi nár chomhlíon poistphoiblí prionsabail an Chóid seo a léiriú.

Mar chuid den Ghearán Neamhfhoirmiúil, déanfar scrúdú ar aon eolas atá ar fáil maidir leis an bpróiseas earcaíochta. Seolfar toradh an Ghearáin Neamhfhoirmiúil chuig an iarrthóir i scríbhinn.

- Ní mór Gearán Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth, socrófar é idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid poistphoiblí a raibh baint mhór acu leis an bpróiseas roghnaithe a riar.
- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil dá leithéid a bheith acu, is féidir leo iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a lorg mar seo thíos.

Ní mór Gearán Foirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre tar éis fhógra an chéad chinnidh, nó laistigh de 5 lá oibre ó fógraíodh toradh an Ghearáin Neamhfhoirmiúil. Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama seo a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá neamhchoitianta ar fad agus is iad an Príomhfheidhmeannach amháin a dhéanfaidh an cinneadh, mar is toil leo.

- Ní mór don iarrthóir a gcúis ghearáin maidir leis an bpróiseas a chur i scríbhinn chuig an bPríomhfheidhmeannach (trí mheán an ríomhphoist chuig ceomailbox@publicjobs.ie, nó i scríbhinn chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin,

poistphoiblí, Áras na Caibidle, Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1), ina leagann siad amach na fíricí a léiríonn, dar leo, go bhfuil an beart a rinneadh nó an cinneadh a rinneadh mícheart.

- Déanfaidh duine atá iomlán neamhspleách ón bpróiseas roghnaithe fiosrúchán maidir leis an nGearán Foirmiúil.
- Ní foláir toradh an Ghearáin Fhoirmiúil a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre ó fuarthas an t-iarratas ar athbhreithniú de ghnáth. Mura ndéantar cinneadh bunaithe ar an bhfiosrúchán laistigh den tréimshe ama seo, ní mór do poistphoiblí an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas maidir le stádas an athbhreithnithe agus maidir le cúiseanna na moille.

Tá tuilleadh eolais faoin nós imeachta thuas ar fáil sa Chód Cleachtais maidir le Ceapacháin i bPost sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, www.cpsa.ie

Iarratas ar Aiseolas
Tá aiseolas maidir leis an bpróiseas roghnaithe ar fáil má lorgaítear é. Níl aon tréimhse ama ar leith i gceist maidir le haiseolas a fháil.

Tabhair faoi deara gur próiseas éagsúil an Próiseas Athbhreithnithe mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus go bhfuil tréimhse ama ar leith ar gá cloí léi i gceist. Níl sé riachtanach aiseolas a fháil chun athbhreithniú a lorg. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a chur le chéile sula gcuirtear tús le hachomharc. Ní féidir an tréimhse ama atá leagtha amach i gCód an CCSP a shíneadh ar chúis ar bith, lena n-áirítear aiseolas a thabhairt.

Dualgais na nIarrthóirí:
Níl cead ag iarrthóirí sa phróiseas earcaíochta:

- eolas bréagach a thabhairt go feasach nó go mearánta
- duine ar bith a chanbhasáil, le haslú nó gan aslú
- cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó cur as dó

Níl cead ag tríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon chéim den phróiseas.

Cód Cleachtais a Shárú
Aon duine a sháraíonn na forálacha thuas, nó a chuidíonn le duine éigin eile na forálacha thuas a shárú, tá an duine sin ciontach i gcion. Is féidir fíneáil agus/nó príosúnacht, a chur ar dhuine atá ciontach i gcion.

Ina theannta sin, i gcás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion,

- Dícháileofar iad mar iarrthóir agus tógfar amach as an gcomórtas iad;
- Má ceapadh iad i bpost tar éis an phróisis roghnaithe, cuirfear as an bpost iad.

An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)
Tháinig an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) isteach ar an 25 Bealtaine 2018 in ionad an chreat reatha um chosaint sonraí faoi Threoir um Chosaint Sonraí an AE.

Nuair a chláraíonn tú ar publicjobs.ie nó má chuireann tú iarratas isteach, cruthaítear taifead ríomhaire faoi d'ainm. Úsáidtear eolas a chuireann tú isteach le d'iarratas ar phost chun d'iarratas a phróiseáil. Má bhaintear úsáid as tríú páirtí chun d'iarratas a phróiseáil, is féidir go

mbeidh sé riachtanach eolas a thabhairt dóibh agus déanfar gach iarracht a chinntiú go bhfuil na sonraí slán. Má roghnaítear thú ón gcomórtas earcaíochta agus roghnaithe, is féidir go gcuirfear d'iarratas ar aghaidh chuig rannóg na nAcmhainní Daonna san eagraíocht inar cuireadh ag obair thú.

Chun iarratas a dhéanamh teacht ar do shonraí pearsanta, seol d'iarratas chuig: dpo@publicjobs.ie agus bí cinnte go ndéanann tú cur síos cruinn ar na taifid atá á lorg agat chun gur féidir linn na taifid chuí a fháil.

Tá eolas i dtaca le sonraí pearsanta iarrthóra atá i seilbh poistphoiblí leagtha amach ar an leathanach dar teideal Cosaint Sonraí ar www.publicjobs.ie.

Nochtaí Cosanta
Tá Polasaí poistphoiblí i dtaca le Nochtaí Cosanta (lena n-áirítear Roghanna Tuairiscithe do gach duine a chlúdaítear sa Pholasaí) ar fáil ar:
https://www.publicjobs.ie/restapi/documents/Public_Appointments_Service_%28PUBLICJOBS%29_Protected_Disclosures_Policy_2024_Final_June.pdf

poistphoiblí
publicjobs

publicjobs,
Chapter House,
26/30 Upper Abbey Street,
Dublin 1.
Eircode: D01 C7W6.
Phone: 01 858 7400

You can also keep up to date on **publicjobs.ie** and follow us on our social platforms: